# Matamaitic

## Céim 4 (Rang 5 & 6)

## Aonad Oibre Samplach 3

## Snáithe: Tomhais

## Snáithaonad: Ag tomhas


An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Gaeilge

Is féidir liom

- úsáid a bhaint an nGaeilge chun cur síos, tuar agus machnamh a dhéanamh.
- stór focal a bhaineann le toilleadh a úsáid (mar shampla lítear, millilítear, gloine, cupán, crúiscín, cartán, sú oráiste, buidéal seampú, próca, buidéal oráiste/ cóic)
- mo chuid tuisceana ar an nGaeilge sa cheacht Mata a léiriú (trí threoracha a leanúint srl).




An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Mata: Is féidir liom...

Is féidir liom teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach



Is féidir liom tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Réamh-mhúineadh na Teanga

Ar shleamhnáin 5 go 15 tá sraith de ghníomhaíochtaí féidearthachta do cheachtanna Gaeilge chun na páistí a ullmhú don cheacht Mata.

<u>Is biachlár é seo. Pioc na gníomhaíochtaí a oireann do do chomhthéacs ranga féin.</u>

1. Cluichí Comhairimh- Cluiche- Ag Comhaireamh mar Chór (Sl. 5), Fizz Buzz as Gaeilge (Sl.6)
2. Aimsigh na Patrúin- ag díriú ar na bunuimhreacha roimh 'l' (Sl.8 & 9)
3. Cluichí/Smaointe chun na focail *próca, buidéal, cartán, deoch iógairt, próca iógairt* a mhúineadh (Sl. 10 & 11)
4. Cluichí/Smaointí éagsúla chun breischéim na haidiachta a réamh-mhúineadh (Sl.12-15)

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Cór ag Comhaireamh



Grúpa 1:
Bígí ag comhaireamh in aonaid- a haon, a dó, a trí, a ceathair,



Grúpa 2:
Bígí ag comhaireamh i ndeicheanna,mar shampla- a trí déag, a fiche trí, a triocha trí, a ceathracha trí, a caoga trí,



Grúpa 3:
Bígí ag comhaireamh i gcéadta, mar shampla- aon chéad is a dó dhéag, dhá chéad is a dó dhéag, trí chéad is a dó dhéag, ceithre chéad is a dó dhéag....

Físeán Béarla ar fáil ag https://www.youtube.com/watch?v=QG17n4GIj2o

# Fizz Buzz as Gaeilge

Seasaigí i gciorcal.

Tosóidh duine ag comhaireamh.

Duine i ndiaidh duine, abair an chéad uimhir eile.

ACH- i gcomhair gach iolra de 3 abair fizz, agus i gcomhair gach iolra de 5 abair buzz.

Mar seo- aon, dó, fizz, ceathair, buzz, fizz, seacht,

ocht, fizz, buzz, aon déag, fizz, ceathair déag....

**FIZZ= 3,6,9,12,15,18,21,24...**

**BUZZ= 5,10,15,20,25,30...**

Cliceáil ar an nasc thíos chun tuilleadh gníomhaíochtaí comhairimh a fháil ó PMC Oide.

[Leagan Béarla] [Leagan Gaeilge]

Cén t-aonad tomhais a úsáideann muid le leacht a thomhas?

lítear
millilítear

1000ml= 1L








Seo **coimeádáin**. Coimeádann siad **leacht** istigh iontu. Leacht ar nós: bainne, sú oráiste, cóc, uisce, ola, seampu srl. An féidir libh aon leacht eile a ainmniú?

Aimsigh na Patrúin

Obair ghrúpa: Cad a thugann sibh faoi deara? An bhfuil aon phatrún?


*Ag comhaireamh le haonaid tomhais.*


| mm | cm |
|---|---|
| aon mhililítear | aon lítear |
| dhá mhililítear | dhá lítear |
| trí mhililítear | trí lítear |
| ceithre mhililítear | ceithre lítear |
| cúig mhililítear | cúig lítear |
| sé mhililítear | sé lítear |
| seacht mililítear | seacht lítear |
| ocht mililítear | ocht lítear |
| naoi mililítear | naoi lítear |
| deich mililítear | deich lítear |

Meas tú cad a tharlaíonn le focail dár tús 'l'? An féidir leat smaoineamh ar aon rud eile a thosaíonn le 'l' agus iad a chomhaireamh?




Póstaer anseo agus
míniú breise iontach anseo




Tá sraith iontach de phóstaeir comhairimh saor in aisce ar fáil ar shuíomh Foras na Gaeilge. Féach anseo!

Tar éis do na páistí an riail a oibriú amach iad féin ó Shleamhnán a 8, bheadh sé go maith na póstaeir seo a chrochadh sa scoil mar mheabhrúchán. Úsáid uimhreacha le hainmfhocail go minic le linn na Gaeilge neamhfhoirmiúla i rith an lae.

# Meaitseáil Coimeádán


(próca, buidéal, cartán, deoch iógairt, próca iógairt).


Rás Sealaíochta sa halla. Is féidir cluiche meaitseála focal le coimeádán a dhéanamh leis na focail agus na coimeádáin. Iarr ar na páistí na focail a scríobh ar luaschártaí. Cuir na páistí i ngrúpaí agus cuir na 5 coimeádán ar an talamh in aice le gach grúpa. Ansin is féidir leo rás sealaíochta a dhéanamh-ar a seans rithfidh duine amháin ó gach grúpa suas go cón eile ag a bhfuil na focail agus gheobhaidh siad luaschárta amháin le cur ar ais san áit cheart nuair a fhillfidh siad. Beidh an bua ag an gcéad ghrúpa atá tar éis na coimeádáin ar fad a lipéadú i gceart.


Is féidir leis na páistí abairtí a chumadh leis an bhfoclóir nua.
Hoips. Leag me an cartán agus dhoirt mé an sú oráiste.
Hoips. Leag mé an buidéal agus dhoirt mé an t-uisce.
Hoips. Leag mé an próca agus dhoirt mé an tsubh.

1.




2.



3.


4.


5.


# Foclóir sa Chóipleabhar




Déan foclóir pictiúrtha beag i do chóipleabhar leis na focail seo a leanas. Tarraing pictiúr in aice leis an bhfocal.
Ar fhoghlaim tú
aon fhocail nua eile inniu?
Cuir le d'fhoclóir iad!

próca
buidéal
cartán
deoch iógairt
próca iógairt






# Is Lú/Is Mó

Tá na t-léinte seo curtha in ord ón gceann is lú go dtí an ceann is mó.

## Fíor nó Bréagach

1. Tá an t-léine buí níos mó ná an t-léine dearg.
2. Tá an t-léine dearg níos mó ná an t-léine buí.
3. Tá an t-léine gorm níos lú na an t-léine dearg.
4. Tá an t-léine buí níos lú ná an t-léine dearg.

## Críochnaigh an abairt

Níl aon t-léine níos mó ná an t-léine _____; sin an t-léine is ____.

Níl aon t-léine níos lú ná an t-léine _______; sin an t-léine is ______.

Cé acu an ceann is lú?

Réamh-mhúineadh Teanga:

An ceann is lú. An ceann is mó.

Tá an ceann seo níos lú ná an ceann sin.

Tá an ceann seo níos mó ná an ceann sin.


Seo an ceann is lú.

Seo an ceann is mó.

Aontaím/

Ní aontaím.


ar chlé ar dheis




openclipart.org

Smaoineamh Spreagúil: Úsáid an seachmaill radhairc 'The Ebbinghaus Illusion' chun na páistí a chur ag úsáid an teanga 'is mó', 'is lú'. Cén ceann an ceann is lú? Seo an ceann is lú. Ní aontaím. Seo an ceann is lú. Tá siad mar an gcéanna srl. Tá an ceann ar dheis níos mó ná an ceann ar chlé.


Aimsigh do pháirtnéir.





| | |
|---|---|
| ard | níos airde |




| | |
|---|---|
| íseal | níos ísle |



| | |
|---|---|
| beag | níos lú |



| | |
|---|---|
| mór | níos mó |




| | |
|---|---|
| leathan | níos leithne |



| | |
|---|---|
| caol | níos caoile |

# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1): Treoracha is Múnlóireacht Teanga.





Déanfaidh an múinteoir múnlóireacht ar an gclár bán agus roinnt cártaí a chur in ord ón gceann is lú go dtí an ceann is mó.
Beidh ar an múinteoir smaoineamh os ard le linn na múnlóireachta.
Is féidir leis an múinteoir deis a thabhairt do roinnt páistí na cártaí a chur in ord os comhair an ranga.

# Obair Ghrúpa.

Beidh luascchárta ag gach páiste.
Oibríonn na páistí i ngrúpaí.
I do ghrúpa leag na cártaí amach ag tosú leis an méid is lú agus ag dul go dtí an gceann is mó.
An aontaíonn sibh lena chéile?
Bígí ag labhairt as Gaeilge.


Ní aontaím/Aontaím.
Téann an cárta seo anseo. Tá sé níos mó ná an ceann sin.
Sin ___ml. Tá sin níos lú ná an ceann seo.
Tá siad san ord ceart.
Níl siad san ord ceart.
Tá míle(1000ml) millilítear i lítear mar sin, mar sin seo 800 millilítear.
Scríobh amach i millilítear iad.
Rinne tú botún.
Rinne mé dearmad faoi sin.



# 1/2 l


Seo leath de lítear. Seas suas má tá níos lú ná leath de lítear ar do chárta! Cad atá agat?
Anois scríobhfaidh mé uimhir eile ar an gclár bán, Anois seas suas má tá méid níos mó agat.
Anois gach éinne i nGrúpa na Mumhan agus gach duine i nGrúpa an Laighin. Seasaigí suas- agus seasaigí san ord ag dul ón méid is lú go dtí an méid is lú, Anois an dá ghrúpa eile tagaigí suas agus an uair seo déan líne in ord a léiríonn an méid is mó go dtí an méid is lú millilítir.

Aimsigh an botún! An bhfuil siad in ord ón méid is lú go dtí an méid is mó? Cé atá san áit mhícheart?



# Ag cur in ord.

## Cad iad na bealaí éagsúla gur féidir linn na coimeádáin seo a chur in ord.







(buidéal, próca, cartán, deoch iógairt, próca iógairt).

# Scafláil Teanga

íseal> Seo an ceann is ísle.
ard> Seo an ceann is airde.
leathan> Seo an ceann is leithne.
caol> Seo an ceann is caoile.
tanaí> Seo an ceann is tanaí.
ramhar> Seo an ceann is raimhre.

Glacann an coimeádán seo an méid is lú leachta. Seo an ceann leis an méid is lú.
Glacann an coimeádán seo an méid is lú leachta. Seo an ceann leis an méid is mó.
Ceapaim go bhfuil 250ml, 500ml, 1L sa choimeádán.
50ml, 300ml, 450ml - sin an difríocht!

# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2): Téamh Suas





## Déan buille faoi thuairim:

Cé mhéad lítear de chaife atá sa chupán caife **is mó** a rinneadh riamh, de réir an Guinness Book of Records?


https://www.guinnessworldrecords.com/world-records/largest-cup-of-coffee






# Freagra: 26,939.22 lítear

Áit: Mexico
Uair: 10 Mí na Nollag 2022
Cé a rinne é: WhoTonic World Center S.A. de C.V.
Eolas faoin gCupán: trastomhas an chupáin: 3.5 méadar, airde an chupáin: 3.05 méadar.
D'úsáid siad 300 kg de chaife!




https://www.guinnessworldrecords.com/world-records/largest-cup-of-coffee

# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2A)

Beidh 5 nó 6 choimeádán éagsúla ag teastáil do gach grúpa, (próca, buidéal, cartán, deoch iógairt, próca iógairt).

Déan an lipéad leis an méid leachta a ghlacann an coimeádán a chlúdach. Roinn na páistí i ngrúpaí.

Tabhair crúiscín tomhais agus báisín uisce do gach grúpa, Tabhair coimeádáin éagsúla do na grúpaí.

Abair leo iad a chur i gcomparáid lena chéile.

Is féidir le gach páiste meastachán a dhéanamh orthu faoin méid ml a ghlacann siad.

Ansin is féidir iad a chur i líne in ord ón gceann leis an toilleadh is lú go dtí an ceann leis an toilleadh is mó. Abair leo na meastacháin a bhreacadh síos ar ghreille ar dtús.

Ag tosú le coimeádán amháin, lig do na páistí an coimeádán sin a líonadh le huisce.

Ansin, is féidir leo an t-uisce a dhoirteadh isteach sa chrúiscín tomhais agus an méid leachta a thomhas go cruinn.



Iarr orthu an toilleadh ceart a bhreacadh síos sa ghreille in aice leis an meastachán. Tabhair deis do na páistí labhairt faoi na meastacháin agus an toilleadh.

Cé acu a bhí an meastachán is gaire? An raibh an t-ord i gceart acu?



Leag amach an t-eolas seo i do chóipleabhar.

## Déanaigí meastachán ar an toilleadh ar dtús agus ansin...


| | **Próca**  | **Cartán**  | **Deoch íogairt**  | **Buidéal**  | **Cupán plaisteach**  | **Eile (le cinneadh ag an ngrúpa)** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Meastachán** | | | | | | |
| Toilleadh cruinn | | | | | | |
| Difríocht idir an toilleadh cruinn agus an meastachán | | | | | | |

# Príomhghníomhaíocht Mhatamatice (Cuid 2B)

Beidh 5 nó 6 choimeádán éagsúla ag teastáil ó gach grúpa, (próca, buidéal, cartán, deoch iógairt, próca iógairt).
Tabhair na coimeádáin chéanna do gach grúpa.
Déan an lipéad leis an méid leachta a ghlacann na coimeádáin a chlúdach.
Tabhair crúiscín tomhais agus báisín uisce do gach grúpa.
Bí cinnte go bhfuil an greille ó lá 3 acu.

Roinn na páistí i ngrúpaí.
Tabhair na coimeádáin chéanna do gach grúpa.
Abair leis na páistí coimeádáin a roghnú.
Tabhair deis dóibh líne a tharraingt ar an gcoimeádán.
Iarr orthu meastachán a dhéanamh ar an méid uisce a líonfaidh an coimeádán ón mbun go dtí an líne a tharraing siad.
Abair leo na meastacháin a bhreacadh síos ar ghreille.
Is féidir leis na páistí méideanna ar nós 100ml, 200ml, $\frac{1}{2}$ L, 1L 750ml a úsáid. (Is féidir codáin nó deachúla a úsáid ag brath ar threoracha an mhúinteora nó mianta na bpáistí).


Iarr ar na páistí an coimeádán a líonadh go dtí an líne a tharraing siad leis an uisce ón mbáisín.
Ansin iarr orthu an t-uisce a dhoirteadh isteach sa chrúiscín tomhais chun tomhas cruinn a dhéanamh.
Beidh na daltaí in ann comparáid a dhéanamh idir na meastacháin agus an tomhas cruinn.





Meastachán


Tomhas


Difríocht (Meastachán v Tomhas)

# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3)

Oide

## Deoch Draíochta

Tá Wizard Wolgast ag ceapadh deoch eitilte nua. Caithfidh 6 chomhábhar éagsúla a bheith sa deoch agus ní cheadaítear deoch thar 600ml.


Má tá 100 ml i gceann de na comhábhair sin, pléascfaidh an deoch. Má úsáideann sé níos mó ná 6 chomhábhar, nó mura bhfuil an t-iomlán cothrom le 600ml pléascfaidh sé.




Cé mhéad millilítear a d'fhéadfadh a bheith i ngach comhábhar má tá 600 millilítear le bheith sa deoch?

1. Deoch-Draiochta-Ceim-4-Ag-Tomhas.pdf
2. Leagan Béarla le tuilleadh sonraí ar fáil ag an nasc seo.

# Foclóir: Deoch Draíochta




comhábhair: na rudaí a chuireann tú le chéile chun rud éigean a dhéanamh.




má ólann tú deoch eitilte, beidh tú in ann eitilt

**7**

níos mó ná 6




pléascfaidh an deoch




600ml san iomlán: gach ceann le chéile = 600ml



draoi: duine draíochtúil!

# Féinmheasúnú


| | |
|---|---|
| Is féidir liom toilleadh coimeádán éagsúil a chur i gcomparáid lena chéile. |  |
| Is féidir liom meastachán maith a dhéanamh ar thoilleadh coimeádán éagsúil. (Déanaim meastachán maith faoi cé mhéad ml nó l atá i mbuidéal). |  |
| Is féidir liom comparáid a dhéanamh idir mo mheastachán agus toilleadh buidéil. |  |
| Is féidir liom an difríocht idir meastachán agus toilleadh a léiriú i millilítir nó i lítir (mar uimhir dheachúil nó mar chodán). |  |
| Ar fhoghlaim tú aon **fhocail nó fhrásaí nua** inniu? Breac síos roinnt samplaí sa bhosca (5 ar a laghad). | |

Tráth na gCeist Kahoot:  TOILLEADH

https://create.kahoot.it/share/toilleadh/0915684b-4b07-4b09-978e-99b295c600c7



# Síneadh & Aistriú Scileanna: Comparative Adjectives/ Breischéim agus Sárchéim na hAidiachta.



Réamh-mhúineadh- An bhfuil ceacht déanta ag na páistí maidir le 'Comparative Adjectives' as Béarla? An bhfuil póstaer maidir leis sa seomra ranga?

Le hAistriú Scileanna moltar an topaic a mhúineadh sa Bhéarla ar dtús agus ansin an scil a aistriú go ceacht Gaeilge. Déan breischéim/sárchéim na haidiachta ag úsáid cur chuige cosúil. An féidir leis na páistí samplaí eile de bhreischéim na haidiachta a aimsiú sna téacsanna eile atá á léamh acu sa Ghaeilge?
An féidir breischéim níos mó aidiachtaí a mhúineadh don rang sa tréimhse iar-chumarsáide?

# Comhrá:


Déan comparáid idir na meastacháin a bhí agaibh agus na tomhais.



Meastachán



Tomhas



Difríocht (Meastachán v Tomhas)

An meastachán ná 1 1/4L

An tomhas ná 1.3 L.

An difríocht ná -50ml.

Ag úsáid na leideanna thuas, is féidir leis na páistí comparáid a dhéanamh idir na meastacháin a bhí acu agus na torthaí. Is féidir leo na torthaí a phlé ina ngrúpaí.




Glacann sé 330 millilítear. Sin beagnach 1/3 de lítear. Sin beagnach aon trian de lítear. 333ml = 1/3 de lítear. Cé mhéad siúcra atá ann?

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tomhais - Toilleadh


## Cad é?



próca iógairt



buidéal




Deoch/buidéal iógairt




Cartán sú



Cúpán plaisteach




próca



báisín

## Seo crúiscín tomhais a ghlacann lítear amháin

Tá 1,000 millilítear i lítear amháin




1,000 millilítear/ lítear


750 millilítear

500 millilítear

250 millilítear

## Foclóir agus frásaí eile







Tá an méid is lú leachta sa chartán sú

Tá an méid is mó leachta sa chrúiscín



Seo an ceann is ísle

Seo an ceann is airde